

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

An Fhondúireacht Náisiúnta do Shármhaitheas i dTaighde Eolaíochta

Fís

Trí infheistíochtaí straitéiseacha sna daoine, sna smaointe agus sna comhpháirtíochtaí atá riachtanach do thaighde den scoth i limistéir straitéiseacha, cabhróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun taighde de scoth atá aitheanta ar fud an domhain agus de thábhacht eacnamaíoch suntasach náisiúnta a chruthú in Éirinn.

Misean

Déanfaidh SFI taighde innealtóireachta agus eolaíochta, agus a bhonneagar, a thógáil agus a neartú sna limistéir den luach straitéiseach is mó d'íomaíocht agus forbairt fhadtéarmach na hÉireann.



CLÁR

Fís & Misean

Baill Boird SFI 2004

2

Comh-Ráiteas leis an gCathaoirleach agus Príomh-Stiúrthóir

5

Forléargas 2004: Bliain Gnóthachtála

8

Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

16

Struchtúr Eagraíochtúil 2004

18

Ráitis Airgeadais 2004

19



BAILL BOIRD SFI 2004



An Dr Patrick Fottrell, Cathaoirleach, Iar-Uachtarán, Ollscoil na hÉireann (NUI), Gaillimh. Iar-Ollamh le Bithcheimic ag OÉ Gaillimh is ea An Dr Fottrell, agus ina theannta sin bhí sé ina Chathaoirleach ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Comhairle Bithheiteice na hÉireann agus Coimisiún Fulbright na hÉireann-Stát Aontaithe Mheiriceá. I láthair na huairé is é An Dr Fottrell Cathaoirleach Westgate Biological. Chomh maith leis sin tá sé ina bhall agus IarLeas-Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhain An Dr Fottrell B.Sc. agus M.Sc amach ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, bhain sé Ph.D. amach ó Ollscoil Ghlaschú, agus ansin bhain sé D.Sc. amach ó Ollscoil na hÉireann. Bhí sé ina ollamh ar cuairt ag ollscoileanna Harvard, Munich, agus Asahikawa.



An Dr Frank McCabe, Leas-Chathaoirleach, SFI. IarLeas-Uachtarán, Intel Corporation. Thosaigh An Dr McCabe ag obair le Intel, a bhí bunaithe i gCo. Chill Dara, i 1994 mar Leas-Uachtarán ar theicneolaíocht agus déantúsaíocht. Chuaigh sé ar scor i 1999 tar éis a shaol oibre a chaitheamh ag plé le poist cheannaireachta déantúsaíochta éagsúla. Thosaigh sé amach le ASEA sa tSualainn ag an tús, agus ansin chuir sé tús le General Electric Semiconductor in Éirinn, cuideachta a d'fhorbair agus a d'fhostaigh suas le 1,800 duine.



An Dr William C. Harris, Príomh-Stiúrthóir, SFI. Le linn a shaoil ghairmiúil bhí An Dr Harris ina Stiúrthóir ar Eolaíochtaí Matamaiticiúla agus Fisiceacha Stiúrthóireacht na Fondúireachta Náisiúnta Eolaíochta (NSF), bhí sé ina bhunaitheoir, Uachtarán agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Biosphere 2 Centre (B2C) Ollscoil Columbia in Arizona, agus bhí sé ina Leas-Uachtarán ar Thaighde agus Ollamh le Ceimic ag Ollscoil South Carolina (USC). Ánra tofa den Chumann Meiriceánach do Chur Chun Cinn na hEolaíochta é An Dr Harris. In 2005, toghadh é mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann.



An tUasal Erich Bloch, Príomh-Oifigeach, Grúpa Comhairleach Washington. Iar-Stiúrthóir d'Fhondúireacht Náisiúnta Eolaíochta na Stát Aontaithe (NSF) é an tUasal Bloch. Roimhe sin, bhí ról éagsúla aige le IBM, ina measc mar cheann ar an gClár Teicneolaíochta um Loighic Sholadach, a d'fhorbair an teicneolaíocht mhicrileictreonaice do Chóras/ríomhaire 360 IBM. Ball tofa d'Acadamh Náisiúnta Innealtóireachta na Stát Aontaithe é an tUasal Bloch agus tá an duais eolaíochta is mó le rá i Stáit Aontaithe Mheiriceá faighte aige, is é sin Bonn an Uachtaráin d'Eolaíocht agus Teicneolaíocht.



An tUasal Ned Costello, Ard-Rúnaí Cúnta, An Rannán Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Maoine Intleachta, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá Ned Costello freagrach as forbairt, cur chun cinn agus comhordú Beartais Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann mar aon le beartas na hÉireann i leith gníomhaíochtaí taighde idirnáisiúnta. Tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Idir-Rannach ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.



An tOllamh Jane Grimson, Leas-Propast ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí An tOllamh Grimson mar Dhéan ar Dhámh na hInnealtóireachta agus na nEolaíochtaí Córás ó 1996-1999, Leas-Déan ó Eanáir go Lúnasa 2001, agus i mí Mheán Fómhair 2001 ceapadh í mar Leas-Propast ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD). Ina theannta sin, ba í An tOllamh Grimson an chéad Uachtaráin bhaininn ar Thionscnamh Innealtóirí na hÉireann (1999-2000) agus is comhalta d'Acadamh Ríoga na hInnealtóireachta í.

**An Dr Jackie Hunter, Leas-Uachtarán Sinsearach agus Ceann ar Néareolaíocht & Ionad Feabhais**

Ghastristéigigh um Fhionnachtain Drugaí, GlaxoSmithKline. Tá an t-uafás bainte amach ag An Dr Hunter mar thaighdeoir sa saol acadúil agus i dtionscal. Sular ghlac sí leis an ról atá aici faoi láthair le GlaxoSmithKline (GSK), bhí sin ina Leas-Uachtarán agus Ceann ar Bhitheolaíocht, Néareolaíocht & Ionad Feabhais Ghastristéigigh um Fhionnachtain Drugaí. Roimhe seo bhí sí ina Stiúrthóir Grúpa do Thaighde Néariompraíochta ag SmithKline Beecham agus ina Stiúrthóir ar Thaighde Néareolaíochta, don eagraíocht sin freisin. Is ollamh ar cuairt í An Dr Hunter ag an Institiúid Síciatrachta freisin.

**An Dr Kristina Johnson, Déan ar Scoil Innealtóireachta Pratt, Ollscoil Duke, North Carolina.**

Saineolaí idirnáisiúnta in optaic, próiseáil comhartha agus ríomhaireacht í An Dr Johnson, chomh maith le bheith ina Stiúrthóir Emeritus ar Ionad na gCóras Ríomhaireachta Optaileictreonaice ag Ollscoil Colorado. Tá thart ar 43 paitinn ag An Dr Johnson, agus chabhraigh sí le cúig chuideachta a thosú. Tá sí ina Stiúrthóir Boird ar Guidant, AES Corporation agus Minerals Technologies.

**An Dr Martina Newell-McGloughlin, Stiúrthóir ar Thaighde Biteicneolaíochta agus Clár Oideachais ag**

Ollscoil California (UCBREP). Tá An Dr Newell-McGloughlin, bean a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aici mar gheall ar an saineolas atá aici ar bhiteicneolaíocht, i mbun UCBREP a stiúradh, a bhfuil deich gcampas agus trí Shaotharlann náisiúnta san áireamh ann. Is Comh-Stiúrthóir í ar Institiúidí Náisiúnta (SAM) um Dheontas Oiliúna Sláinte sa Teicneolaíocht Bhithmhóilíneach, institiúid nach bhfuil ach trí cinn dá leithéid le fáil i California, agus na cinn eile lonnaithe ag Ollscoil Berkeley agus Ollscoil Stanford.

**An Dr Jim Mountjoy, Cathaoirleach, Prospectus Consultancy Group.**

Ba é An Dr Mountjoy a bhunaigh Euristix, soláthróir nuálaíoch de líonra ardréitigh do bhogearraí bainistíochta le haghaidh tionscal na teileachumarsáide. D'fhorbair Euristix agus ba é an ceannaire margaidh a bhí ann agus fuair sé seilbh ar Fore Systems i mí Feabhra 1999, cuideachta, a fuair Marconi seilbh air dhá mhí ina dhiaidh sin. Faoi láthair tá baint ag An Dr Mountjoy, i riocht neamhfheidhmiúcháin le roinnt cuideachtaí bogearraí agus tá sé ina bhall boird ar roinnt cuideachtaí Venture Capital.

**An Dr Don Thornhill, Cathaoirleach, Comhairle Náisiúnta Iomaíochais na hÉireann.**

Iar-Chathaoirleach Feidhmiúcháin ar an Údarás Um Ard-Oideachais (1998 - 2005) agus iarArd-Rúnaí ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1993 - 1998) é An Dr Thornhill. Fear é a raibh an-bhaint aige le forbairt beartais oideachais agus taighde in Éirinn. Tá baint aige i riocht neamhfheidhmiúcháin agus comhairleach le roinnt eagraíochtaí.

**An tUasal John Travers, Comhairleach Gnó agus Eacnamaíoch agus iarPhríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Forfás agus SFI.**

Nuair a bhí an tUasal Travers ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Forfás, bhí sé i gceannas ar bhord beartais agus comhairleach an Stáit maidir le forbairt thionsclaíoch, eolaíochta, agus teicneolaíochta, agus is é Forfás an comhlacht ag a bhfuil na príomhchumhachtaí dlíthiúla don Stát maidir le cur chun cinn na tionsclaíochta agus forbairt na teicneolaíochta. In 2000-01, bhí sé ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar SFI nuair a bhí sí á forbairt.



BAILL DE CHOISTÍ AN BHOIRD 2004

1. FOGHRÚPA BOIRD AR DHEONTAIS CLÁIR

Jane Grimson (Cathaoirleach); Martina Newell-McGloughlin; Kristina Johnson; Don Thornhill;
William Harris; Jackie Hunter.

2. COISTE INIÚCHTA SFI

Frank McCabe (Cathaoirleach); Gillian Dennehy*; agus Jim Mountjoy.

3. COISTE UM BAINISTÍOCHT FORBARTHA AGUS LUACH SAOTHAIR

Pat Fottrell (Cathaoirleach); John Travers; Erich Bloch; agus Ned Costello.

**A tháinig in áit Martin Shanagher i Lúnasa 2004.*



COMH-RÁITEAS LE PATRICK FOTTRELL, CATHAOIRLEACH, AGUS WILLIAM C. HARRIS, PRÍOMH-STIÚRTHÓIR

Ba é 2004 an chéad bhliain iomlán a chaith Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ag feidhmiú mar chomhlacht reachtúil. Bunaíodh SFI mar Chomhlacht reachtúil faoi Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Bliain thar a bheith bisiúil ba ea 2004 i dtearmaí gradam deontais agus comhpháirtíochtaí a chruthú le tionscail agus leis an saol acadúil, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar SFI mar eagraíocht ann féin.

Tá SFI tiomanta ar infheistíocht a dhéanamh i dtaighde acadúil agus cultúr taighde dhinimiciúil a fhorbairt a bheidh mar bhunchloch d'fhás gheilleagar na hÉireann amach anseo. Tacaíonn SFI le daoine cruthaitheacha agus éirimiúla, le smaointe misniúla agus sofaisticiúla, agus le comhpháirtíochtaí láidre agus éifeachtacha. Is é an aidhm atá ann go mbeadh Éirinn in ann an éirim taighde is fearr is féidir a mhealladh agus a choinneáil, agus an timpeallacht cheart a chur ar fáil dóibh ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoi thaighde agus cur leis an rathúlacht gheilleagrach.

In 2004, leag SFI amach a plean straitéiseach i ndoiciméad dar teideal "Daoine, Smaointe agus Comhpháirtíochtaí do Chóras Taighde Éireannaigh atá lomaíoch ar bhonn Domhanda: 2004-2008". Le bliain anuas tá SFI, trí na hinfeistíochtaí straitéiseacha atá aici, ag obair ar an bplean seo a chur i bhfeidhm. Le linn 2004, tá €136m breise infheistithe ag SFI i raon leathan de thionscadail taighde.

I dtreo dheireadh na bliana 2004, tá 81 iniúchóir taighde Biteicneolaíoch maoinithe ag SFI mar aon le 77 iniúchóir taighde Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), agus trí na hinfeistíochtaí seo tá 1,223 taighdeoirí fostaithe go hindíreach ag SFI sna rannóga leathana seo. Táimid muiníneach go mbeidh glúin nua d'fhionnachtana agus ceapadóirí a thabharfaidh leas suntasach d'Éire mar thoradh ar na hinfeistíochtaí nua seo sa Bhiteicneolaíocht agus

sa ICT. Chomh maith leis sin, ceadaíodh 107 togra taighde faoin Research Frontiers Programme.

I gcaitheamh na bliana rinneadh roinnt úrghuascailtí eolaíochas suntasacha. Tá fionnachtain ollmhór déanta ag foireann taighdeoirí a d'fhéadfadh, i ndeireadh na dála cabhrú le leigheasanna nua do ghalair ionfhabhtaíochas agus athlastacha. Tá an fhoireann imdhíoneolaithe, á threorú ag an Ollamh Luke O'Neill sa Roinn Bithcheimice, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag cur faisnéis nua ar fáil faoin mbealach a mbíonn ár gcórais imdhíonachta á rialú nuair a bhíonn ionfhabhtú againn agus cabhróidh an fhoireann le hiarrachtaí leigheasanna nua a fhorbairt do ghalair cosúil le hartríteas réamatóideach.

Tá céim shuimiúil chun cinn tógtha ag foireann taighdeoirí eile ag Institiúid Conway, UCD maidir le tuiscint a fháil ar an gcaoi a chinntíonn cealla go bhfaigheann siad an soláthar ríthábhachtach ocsaigine a theastaíonn uathu. Tá impleachtaí tábhachtacha ag tuiscint níos fearr a bheith againn ar céard a tharlaíonn nuair nach mbíonn ocsaigin ag cealla maidir le leigheasanna galar cosúil le hailse, galar athlastach inne agus stróc.

Le linn 2004, bhí SFI rannpháirteach i roinnt infheistíochtaí suntasacha i dtaighde comhoibritheach. Seans gurb é an ceann is tábhachtaí dóibh seo an mórionad Taighde agus Forbartha a bhunaigh Bell Labs ag Baile Bhlainséir i mBaile Átha Cliath.

Gnóthachtáil ollmhór don tír seo is ea an cinneadh a rinne Bell Labs a ionad Taighde agus Forbartha a lonnú in Éirinn. Tá os cionn 30,000 paitinn de chuid na Stát Aontaithe bronnta ar Bell Labs, tá an Duais Nobel buaite ag 11 dá thaighdeoirí agus tá ar mheán dhá phaitinn nua á mbronnadh aige gach lá oibre.

Cuirfidh an clár infheistíochta ar fiú €69 milliún é atá aontaithe idir Bell Labs, SFI agus IDA Ireland ar chumas na hÉireann a bheith ina hionad domhanda



den scoth le taighde a dhéanamh ar innealtóireacht, déantúsaíocht agus teicneolaíochtaí slabhra-luach in earnáil na teileachumarsáide.

Ceanncheathrú dhomhanda a bheidh san ionad – an chéad ionad dá leithéid atá le bunú ag Bell Labs lasmuigh de Mheiriceá Thuaidh – le taighde a dhéanamh ar theileachumarsáid agus teicneolaíochtaí slabhra a sholáthar. Tá baint ag bunú ionad taighde nua Bell Labs in Éirinn agus foirmiú Ionad do Thaighde Slabhra Luach Teileachumarsáide (CTVR) leis an gceanncheathrú ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath leis an gcomhthionscadal taighde tionscail agus acadúil seo. Cruthófar deiseanna do suas le 120 taighdeoir idir an dá ionad.

Tá rudaí suntasacha eile bainte amach freisin. Tá SFI ag tacú le tionscnamh a thabharfaidh sainghrúpa eolaithe ón saol acadúil agus tionscail le chéile le taighde a dhéanamh ar bhealach a bhféadfadh dochtúirí cóireáil níos fearr a chur ar thinnis inchinne, mar shampla galar Alzheimer, scitsifréine agus dúlagar. Beidh an tionscadal seo, a bhfuil baint ag taighdeoirí ó Institiúid Conway (UCD) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath leis, ag obair go dlúth le Grúpa Fionnachtana Néareolaíochta Taighde Wyeth agus beidh sé seo ar an taighde is cuimsithí dá leithéid sa Stát.

Tá beagnach €4m infheistithe ag SFI i dtaighdeoirí san innealtóireacht bogearraí a thabharfaidh aghaidh ar chuid de na príomhdhúshláin atá ann d'earnáil forbartha bhogearraí na hÉireann. Beidh an grúpa, atá bunaithe go príomha ag Ollscoil Luimnigh agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ag obair le roinnt cuideachtaí móra Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), lena n-áirítear IBM, Intel, Motorola, Iona Technologies, chomh maith le Fiontair Bheaga agus Mheánach Éireannacha.

Tá bunú Siemens Research Ireland éascaithe ag SFI freisin agus tá roinnt eolaithe clúiteacha ó Siemens ag teacht le dul i mbun oibre anseo. Tá siad ag obair i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn i réimsí na Biteicneolaíochta, na Bithaisnéisíochta agus na Cógaisíochta.

Tá an-tábhacht ag baint le taighdeoirí nuálaíochta óga a spreagadh d'fhonn forbairt a dhéanamh ar thaighde comhaimseartha agus cláir oideachais d'Éire. I mí Dheireadh Fómhair 2004, d'fháiltigh an tUachtarán Mhic Giolla Íosa le ceithre eolaí agus innealtóir óga - na chéad daoine a fuair Gradaim Taighde SFI do Dhaoine Óga Uachtarán na hÉireann (PIYRA) - ag Áras an Uachtaráin. Cuirfidh an gradam tacaíocht shuntasach agus sheasmhach ar fáil do na hiniúcháir óga is fearr seo ar leibhéal agus thar am a chuirfidh ar a gcumas gairmeacha a fhorbairt mar thaighdeoirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

Ba é 2004 an chéad bhliain a réachtáladh tionscnamh Thaighdeoirí Cúnta na Meánmhúinteoirí (STARS); tionscnamh a bhí dírithe ar dheis a thabhairt do mhúinteoirí taighde a dhéanamh i saotharlanna Éireannacha le linn saoire an tSamhraidh. Fuair 29 múinteoir as ar fud na tíre tacaíocht le taighde a dhéanamh le taighdeoir nó foireann taighdeoir atá maoinithe ag SFI, ar feadh thart ar ocht seachtaine le linn saoire an tsamhraidh. Is é an aidhm atá leis an tionscnamh seo deis a thabhairt do mhúinteoirí suim a chur in athuair san eolaíocht mar thaighdeoirí, iad a nascadh le dámh eolaíochta sna hollscoileanna nó sna hinstitiúidí teicneolaíochta, agus cur le teagasc na heolaíochta sa chóras oideachais trí chéile.

Thug an Taoiseach, Bertie Ahern, T.D. agus an Tánaiste, Mary Harney, T.D. aitheantas do go leor den obair a rinne agus a thacaigh SFI leis nuair a réachtáil siad an chéad Chruinniú Mullaigh SFI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 1 Meán Fómhair. Tháinig ceannairí ón bpobal gnó agus eolaíoch agus rialtais chuig an gcruinniú mullaigh agus is é an téama a bhí ag an gcruinniú 'Ár nGeilleagar a Athrú trí Eolaíocht agus Nuálaíocht'. D'fhreastail os cionn 250 toscaire ar an gcruinniú, taighdeoirí atá maoinithe ag SFI, ceannairí rialtais agus gníomhaireachta, ionadaithe tionscail agus lucht déanta beartas san áireamh.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl don Taoiseach, don Tánaiste agus don Uasal Mícheál Martin, An tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta as ucht na tacaíochta a thug siad do SFI le linn 2004.



Le linn 2004 líonadh trí phríomhphost ag an bhFondúireacht. I mí Feabhra thosaigh An Dr Maurice Treacy ag obair mar Stiúrthóir ar Rannán Biteicneolaíochta (BioT) SFI. Bhí saol iontach taighde ag An Dr Treacy agus tá níos mó ná 13 bliain de thaithí aige sa tionscal biteicneolaíochta.

I mí Mheán Fómhair ceapadh an tOllamh Mark Keane mar Stiúrthóir ar Theicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (ICT). Tháinig an tOllamh Keane chugainn ó UCD áit a raibh sé i mbun Ollúnachta ar Eolaíocht Ríomhaireachta agus ina Chomh-Dhéan Eolaíochta.

I mí Mheán Fómhair ceapadh An Dr Gary Crawley mar Cheann ar an Research Frontiers Programme (RFP). Tháinig An Dr Crawley chugainn ón bpost a bhí aige mar Ollamh le Fisic agus Déan Choláiste na hEolaíochta agus na Matamaitice ag Ollscoil South Carolina (USC).

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a chur in iúl don Dr Alastair Glass a d'fhág SFI in 2004 le bheith ina chathaoirleach ar bhord Institiúid Náisiúnta nua

Tyndall i gCorcaigh. Le linn na trí bliana a raibh An Dr Alastair Glass ina Stiúrthóir ar ICT, chabhraigh sé leis an bhFondúireacht sraith de chlár taighde nua a bhunú, d'aithin sé an gá a bhí ann go mbeadh comhthaighde agus comhpháirtíochtaí ann agus chabhraigh sé leis an bhfís a leagan amach chun cultúr taighde a bheadh iomaíoch ar scála domhanda a chruthú in Éirinn.

Ó cuireadh tús le SFI, tá sí ag feidhmiú i ndlúth-chomhpháirtíocht le pobal acadúil na hÉireann mar aon le IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, agus Forfás. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do na comhlachtaí agus eagraíochtaí a chabhraigh le SFI le bliain anuas as ucht a dtacaíochta agus a gcomhoibrithe.

Ar deireadh, ba mhaith linn buíochas a chur in iúl do Bhord SFI agus foireann SFI as ucht a dtiomantais don eagraíocht agus an méid atá déanta acu go dtí seo maidir le rath SFI a chinntiú.

Patrick Fottrell
Cathaoirleach

William C. Harris
Príomh-Stiúrthóir


FORLÉARGAS 2004: BLIAIN GNÓTHACHTÁLA

Le blianta beaga anuas tá athrú suntasach tagtha ar thaighde eolaíoch in Éirinn, agus tá ról ceannaireachta suntasaigh tógtha ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) uirthi féin san athrú seo. Bliain thar a bheith bisíúil don SFI ea ba 2004, agus leanann SFI ar aghaidh ag tacú le taighde eolaíochta agus innealtóireachta in Éirinn.

GNÓTHACHTÁIL IN 2004:

- Rinne SFI 288 gradam breise thar chlár uile SFI, tiomantais maoinithe os cionn €136 milliún san áireamh.
- Chabhraigh SFI le hinstiúidí taighde Éireannacha ceannairí taighde as ar fud an domhain a earcú agus a choinneáil in Éirinn.

- Forlonta Thaighdeoirí Cúnta na Meánmhúinteoirí (STARS), le tacú le múinteoirí dara leibhéal taighde a dhéanamh i saotharlanna Éireannacha i rith saoire an tsamhraidh.
- Clár Forlonta Tionscail le comhthionscadail a mhaoiniú laistigh den tionscal a bhfuil baint dhíreach acu agus a chuireann le clár reatha SFI athbhreithnithe ag piaraí san áireamh.
- Clár an Ghradaim Taighde Fochéime um Thaithí & Eolas (UREKA), le tacú le rannpháirtíocht taighde gníomhaí mic léinn fochéime i gceann ar bith de na réimsí atá á maoiniú ag SFI.



- Tá 107 togra taighde ó eolaithe agus innealtóirí acadúla ceadaithe sna réimsí seo - Domhaneolaíochtaí, Innealtóireacht, Matamaitic, Eolaíochtaí Fisiceacha, Eolaíochtaí Bitheacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta faoin Research Frontiers Programme (RFP).
- Thacaigh SFI leis an bpobal taighde eolaíoch chun leibhéal agus caighdeán an taighde eolaíoch atá á dhéanamh in instiúidí taighde in Éirinn a ardú.
- Maoiníodh comhthionscadail leis an tSín faoi Chomhaontú um Chomh-Thaighde Maoinithe Éire-na Síne atá á bhainistiú ag Acadamh Ríoga na hÉireann ar son SFI.
- Tugadh spreagadh do thionscail go réamhghníomhach a saotharlanna taighde a bhunú in Éirinn i gcomhpháirtíocht leis an IDA agus Fiontraíocht Éireann.
- Tá tús curtha ag SFI le roinnt clár maoinithe nua lena n-áirítear:
 - Gradaim Thaighde do Dhaoine Óga Uachtarán na hÉireann chun Éire a mhealladh agus tacú le taighdeoirí Éireannacha laistigh de chúig bliana i ndiaidh dóibh Ph.D a chríochnú.
- Lean SFI lena fhorbairt suntasach le linn 2004. Fuarthas ceadú ón Roinn Airgeadais chun leibhéal fhoirne a mhéadú ó 30 go 40 daoine. Lig an t-earcú de na baill fhoirne bhreise seo do SFI plé le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile i slí níos inchiallaithe agus níos éifeachtaí sa chóras nuálaíochta náisiúnta agus chun naisc idirnáisiúnta a fhorbairt chomh maith.
- Glacann SFI páirt san European Molecular Biology Conference (EMBC), acadamh idirnáisiúnta dírithe ar bhitheolaíocht mhóilíneach ina réimse is leithne. Iarann sé ar fhreagra a thabhairt ar na limistéir nua atá ag teacht chun cinn a úsáideann modhanna bitheolaíochta móilínigh ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar imeachtaí bitheolaíochta ag leibhéal móilíneach. Tá a chuid gníomhaíochtaí maoinithe ag 21 ballstáit (Éire san áireamh), agus tugtha faoi don chuid is mó trí ghníomhartha thart ar 900 bitheolaithe móilíneacha tofa mar baill ar leith den EMBC. Trí a chomhpháirtíocht lis an European Molecular Biology Organisation (EMBO), tacaíonn EMBC le raon leathan de chlár eolaíochta saoil.

INFHEISTÍOCHT TAIGHDE BITEICNEOLAÍOCHTA

Tá baint ag biteicneolaíocht leis na disciplíní ar fad a thacaíonn le staidéar a dhéanamh ar léiriú na géine, sintéis agus carachtar próitéine, comharthaíocht próitéine, DNA, RNA, géanómaic, dáileadh drúgaí agus bithleasúchán. Beidh tionchar ag taighde ar dhisciplíní biteicneolaíochta ar chúram sláinte, diagnóisic, cogaisíocht, bainistíocht comhshaoil, talmhaíocht, eolaíocht mhuirí, feistí leighis, earraí tomhaltais agus gnóthaí bia agus dí.

Faoi dheireadh 2004, bhí 75 iniúchóir taighde maoinithe ag Stiúrthóireacht Biteicneolaíochta SFI lena n-áirítear trí ionad (REMEDI, APC agus CHP), bhí tiomantais de os cionn €174 milliún ag SFI; agus bhí níos mó ná 400 taighdeoir in eolaíocht bheatha fostaithe go hindíreach laistigh d'Éire i réimsí éagsúla cosúil le hagribhia, néareolaíocht, imdhíoneolaíocht, braiteoirí/feistí, bitheolaíocht ceall/timthriall ceall/apaiptóis, micribhitheolaíocht, nanaitheicneolaíocht agus bithaisnéisíocht/bitheolaíocht córas.

- Áiríonn táirgeadh agus ídiú **Agribhia** raon gníomhaíochtaí idir thalmhaíocht agus ídiú bia. Is é an infheistíocht is suntasaí atá déanta ag SFI an Ionad Cógasbhitheach Cothaitheach (APC) ag UCC, faoi stiúir an Ollaimh Fergus Shanahan. Tá APC ag tabhairt faoi thaighde ar chúiseanna agus modhanna leighis a d'fhéadfadh a bheith ann do ghalar athlastach inne, galar Crohn agus drólainníteas othrasaithe ó pheirspictíocht imdhíoneolaíoch, agus ag baint úsáide as bia (nútraiceodaigh) mar fhoirm leighis a d'fhéadfaí a bheith ann.
- Díríonn **Imdhíoneolaíocht** ar an gcóras imdhíonachta, imdhíonacht agus ailléirge. Tá ceann de na ceannairí domhanda aitheanta i dtaighde imdhíoneolaíoch ag Éire, go háirithe sna réimsí a bhaineann le Gabhdóirí Dola, an tOllamh Luke O'Neill.

Tá sineirgíochtaí taighde forbartha ag an Ollamh Luke O'Neill agus an tOllamh Kingston Mills, ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a chruthaigh an chuideachta tosaithe (Opsona) atá anois ag déanamh iarrachta a haschuir taighde a úsáid chun brabús a fháil uathu.

- Tá taighde **Braiteoirí/Feistí** sa réimse seo dírithe ar an eolaíocht agus an teicneolaíocht atá ag tacú leis an gcéad ghlúin eile d'fheistí diagnóiseacha bithleighis.

- Tugann an **Bitheolaíocht Ceall/Timthriall Ceall/Apaiptóis/Bitheolaíocht Struchtúrach** an Institiúid um Leigheas Athghniniúnach (REMEDI) CSET ag OÉ Gaillimh eolaithe agus cliniceoirí a bhfuil cáil domhanda orthu le chéile le hobair a dhéanamh chun teicneolaíochtaí géinteiripe agus taighde ar ghaschill aosach a dhéanamh chun fíochán a bhfuil damáiste déanta dó a dheisiú agus fíochán nua a chur ina áit. Faoi chomh-cheannaireacht an Ollaimh Tim O'Brien agus an tOllamh Frank Barry, tá foirne taighde comhtháthaithe ag déanamh scrúdú ar ghalair chroí agus néareolaíochta, chomh maith le hartríteas chun modhanna teirpeacha nua a fhorbairt ionas gur féidir fíochán a bhfuil galar ann nó a bhfuil damáiste déanta dó a dheisiú trí ghéinte agus cealla beo a úsáid.
- Bíonn **Néareolaíocht** ag déileáil le hanatamaíocht, fiseolaíocht agus paiteolaíocht an néarchórais. Bhí a ghníomhaíochtaí taighde atheagraithe ag an Dr Kevin Mitchell, Smurfit Institute of Genetics, TCD, nuair a d'éirigh sé ina chéad taighdeoir Éireannach chun Gradam Imscrúdaitheora Óg a fháil ó European Molecular Biology Organisation (EMBO).
- Áiríonn **Micribhitheolaíocht** miocroorgánaigh lena n-áirítear víris, prócaróití agus eocaróití simplí trí leas a bhaint as modhanna ón mbithcheimic agus géineolaíocht. Tá gaol aige le paiteolaíocht, imdhíoneolaíocht agus éipidéimeolaíocht freisin. Bunaithe in Institiúid Moyne i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, oibríonn Kevin Devine sa bhaictéar Bachailín subtilis. Tá súil ag an tOllamh Devine léargais a thabhairt ar conas a ndéantar léiriú géine a rialú go comhordaitheach trí líonra comharthaíochta de chórais iolracha trasduchtaithe comhartha dhá-chuidí i subtilis B agus baictéir eile de ghrúpa G+C.
- **Bithaisnéisíochta/Bitheolaíocht** Córas nuair a bhíonn bitheolaíocht, eolaíocht ríomhaireachta agus teicneolaíocht na faisnéise le chéile in aon disciplín amháin. Tá an tOllamh Ken Wolfe maoinithe ag SFI ó 2001. Tá roinnt meadarachtaí rathúlachta don ghrúpa seo agus a chuid oibre sa limistéar d'éabhlóid géanóim. Tá an obair ar chórais prokaryotic agus eukaryotic araon aitheanta ar fud an domhain sa dá limistéar. Bhí an grúpa bainteach leis an tionscadal géanóim daonna agus bhí an Dr Mario Fares ón ngrúpa Wolfe maoinithe ag SFI mar Thaighdeoirí Óga Uachtarán na hÉireann i 2004.



Infheistíochtaí Biteicneolaíochta (€170M)



INFHEISTÍOCHT I DTEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE AGUS NA CUMARSÁIDE (ICT)


Bhí maoiniú déanta ag Stiúirthóireacht Teicneolaíochta Cumarsáide agus Faisnéise SFI ar 77 imscrúdaitheoir taighde faoi dheireadh 2004, bhí gealltanais d'os cionn €248 milliún aige; agus 673 taighdeoirí fostaithe go neamhdhíreach aige i réimsí crua-earraí agus bogearraí in Éirinn. Tá na réimsí taighde sin go bunúsach tábhachtach do réimse tionscal ICT in Éirinn.

Ó thaobh bogearraí, tá sé réimse ollmhór maoinithe:

- **Córais Gréasán & Cumarsáide** a chlúdaíonn infheistíocht i dtaighde i ngréasáin sreanga agus gan sreanga. I measc na mórchnuasach sa réimse seo tá an tIonad Taighde Gréasán Cumarsáide Náisiúnta ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, (NUI) Maigh Nuad agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) agus an Cnuasach Gréasán Uathoibríoch, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.
- **Córais Fhaisnéise** a chlúdaíonn infheistíocht ó thaobh córais bogearraí agus crua-earraí a chomhtháthú agus a úsáid; mar shampla, i ngréasáin braiteoireachta agus meánearraí le haghaidh ríomhaireacht mhothaitheach. I measc na mórghrúpaí tá Institiúid Hamilton (NUI Maigh Nuad) agus Cnuasach Faisnéise Oiriúnaitheach ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (DCU) agus ag Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (UCD).

- **Intleacht Saorga agus Innealtóireacht Bogearraí** a chlúdaíonn infheistíocht i modhanna bríomhara innealtóireacht bogearraí, ardteicnící inleachta saorga. I measc na mórinfheistíochtaí tá Ionad Chorcaí do Chomhaireamh Sriaanta ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh (UCC) agus Gradam Forbartha Ionad Taighde Innealtóireacht Bogearraí na hÉireann (Ollscoil Luimnigh (UL), le UCC agus DCU).
- **Córais Eolas- & Gréasán-bhunaithe** a chlúdaíonn infheistíocht in ardchórais eolas-bhunaithe le haghaidh faisnéis a láimhseáil ar an nGréasán Domhanda agus ar an Idirlíon. I measc an dá phríomh infheistíochta tá Semantic Web Systems ag an Institiúid Taighde Fiontair Dhigitigh (DERI) CSET ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh (NUIG) agus na Córais Fhaisnéise Oiriúnaitheacha (UCD agus DCU).
- **Aistriúchán Meaisín** a chlúdaíonn teicnící i gcás próiseáil teanga nádúrtha ó thaobh aistriúchán a dhéanamh ar theanga scríofa agus labhartha i meaisíní uathoibríocha.
- Uirlisí **Samhaltaithe & Amhairc** le haghaidh eolaíocht comhairimh i réimsí difriúla; réaltfhisic, *bioinformatics*, clíomeolaíocht agus an mhuir (e.g., Ionad Náisiúnta *Geoinformatics* in NUI Maigh Nuad). Déantar na hinfheistíochtaí i dTeicneolaíocht Greille (WebCom-G ag NUIG, TCD agus UCC) agus an Tionscnamh Ríomhaireachta Ard Chríche (NUIG, UCD, UCC, TCD, NUIM).

Bogearraí ICT (€102M)






Tá sé phríomhréimse maoinithe i gcás crua-earraí:

- **Nanaiteicneolaíocht** a chlúdaíonn fisic, airíonna ábhar, agus gléasanna ag an nánascála. Is é an mórinfheistíocht ná Nanaiteicneolaíocht CRANN CSET (TCD, UCD, UCC).
- **Ciorcaid & Leathsheoltóirí Comhtháite** a chlúdaíonn nuálaíochtaí i bpróisis, ábhair agus dearadh sliseanna IC. Is é an mórinfheistíocht ná an grúpa PlasMACp (DCU, NUI Maigh Nuad).
- **Fótóinic** a chlúdaíonn teoiric, dearadh, agus déantús gléasanna fótóinice. Ar na mórinfheistíochtaí tá grúpa O'Reilly agus taighdeoirí sa Institiúid Náisiúnta Tyndall (UCC) agus an tOllamh Chris Dainty (NUIG).
- **Córais Thraschurtha** a chlúdaíonn dearadh agus tástáil ar ailtreachtaí agus córais ghréasáin nua. Mórinfheistíocht amháin is ea grúpa an Ollaimh David Cotter, a tugadh go hÉireann ón Ríocht Aontaithe agus atá lonnaithe ag Institiúid Náisiúnta Tyndall.
- **Stóráil** a chlúdaíonn ard-ábhair, carachtracht agus gléasanna chun faisnéis a stóráil (m.sh. in ábhair mhaighnéadacha). Is iad na mórinfheistíochtaí anseo ná grúpaí an Ollaimh Coey agus an Ollaimh Schvet i TCD ar cuid de CRANN anois iad.
- **Ardtheicneolaíocht** déantúsaíochta don tionscal teileachumarsáide arna mhaoiniú den chuid is mó faoi CTVR (Bell Labs).

Crua-earraí ICT (€145M)



■	Córais Thraschurtha €25m - (17%)
■	Ard-déantúsaíocht €20m - (14%)
■	Nanaitheicneolaíocht €45m - (31%)
■	Taighde IC/Leathsheoltóirí €10m - (7%)
■	Stóráil €19m - (13%)
■	Fótóinic €26m - (18%)

NA HIONAID EOLAÍOCHTA, INNEALTÓIREACHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHTA (CSETS)

Tá Clár CSET leagtha amach chun scoth-mhais criticiúil a thógáil d'Éirinn ó thaobh réimsí Biteicneolaíochta (BioT) agus Teicneolaíocht na Cumarsáide agus na Faisnéise (ICT) a thabharfaidh cruth do chúrsaí eolaíochta agus innealtóireachta amach anseo. Is é an cuspóir atá leis an gclár seo maoiniú a thabhairt d'eolaithe chun comh-iarrachtaí a bhunú a dhéanfaidh forbairt ar chnuasaigh taighde iomaíochta go hidirnáisiúnta agus a bheidh ceangailte leis an tionscal.

I 2004, d'fhógair an SFI maoiniú don Ionad Taighde Teileachumarsáide Luach-Slabhra-Stiúrtha (CTVR). Mar

teicneolaíochtaí slabhra-luach atá lonnaithe ag saoráid Lucent i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath.

Díreoidh an taighde atá le déanamh i CTVR ar fhorbairtí in innealtóireacht táirgí, teicnící déantúsaíochta agus luach/soláthair-slabhra, uirlisí agus teicneolaíochtaí. Éascóidh an saineolas agus an scil ata fobraithe san ionad agus spreagfaidh sé dearadh agus nuálaíocht agus tabharfaidh sé deis táirgí nua a chur ar an margadh níos tapúla agus níos éifeachtúla. Beidh feidhm dhíreach leis an saineolas agus leis an scil sin i gcás cuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha a mbeidh baint acu le dearadh, déantúsaíocht agus feidhmiú táirgí leictreonacha atá ardscaigh, lena n-áirítear an chéad ghlúin eile de ghréasáin cumarsáide seasta agus gan sreang.



thoradh ar an infheistíocht seo ar fiú €69 milliún í a comhaontaíodh idir Lucent Technologies' Bell Labs, SFI agus IDA Ireland beidh Éire ina suíomh domhanda ó thaobh taighde a dhéanamh i dteicneolaíochtaí innealtóireachta, déantúsaíochta agus slabhra-luacha san earnáil teileachumarsáide. Tá baint ag 120 taighdeoirí sna tionscadail atá lonnaithe idir an CTVR (ceanncheathrú ag TCD) agus an ceanncheathrú domhanda atá bunaithe as an nua ag Bell Labs chun taighde a dhéanamh ar teileachumarsáid agus

Cuireann an CTVR ocht mór Ollscoil as Éirinn agus Institiúidí Teicneolaíochta i mbun oibre, lena n-áirítear Ollscoil Luimnigh; NUI Maigh Nuad; Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; Institiúid Teicneolaíochta Shligigh; Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath; Ollscoil Chathair Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Tyndall Institute.



Tógadh an grianghraf seo nuair a fógraíodh go mbeadh Bell Labs ag bunú ionad ollmhór in Éirinn. Ó Chlé - Deas An Dr William C. Harris, Príomh-Stiúrthóir, SFI; An Dr Jeff Jaffe, Uachtarán ar Thaighde agus Ardeicneolaíochtaí, Bell Labs; Ms Mary Harney, Tánaiste agus an tUasal Seán Dorgan, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, IDA Ireland.

COMHOIBRÍÚ TIONSCLAÍOCH

Is prionsabal bunúsach le haghaidh taighde nuálaíoch agus chruthaíoch é idirghníomhú a bheith ann leis an tionscal, tá sé thar a bheith tábhachtach ó thaobh bailíochtú a dhéanamh ar thorthaí taighde agus iad a scaipeadh. Comhoibríonn cuideachtaí le taighdeoirí a bhíonn maoinithe ag an SFI ar bhealaí difriúla. Caithfidh páirtneírí CSET an tionscal a chur san áireamh. Tá comhpháirtíochtaí bunaithe ag CSET le cuideachtaí mar Bell Labs, HP, Intel, Medtronic agus Proctor and Gamble.


Chomh maith le CSET, bíonn comhoibríú ag Imscrúdaitheoirí Taighde SFI aonair leis an tionscal. I 2004, thug an SFI isteach gradam Forlonta an Tionscail chun comhpháirtíochtaí taighde idir taighdeoirí atá maoinithe ag an SFI agus taighdeoirí an Tionscail a éascú. Tugann an gradam deis do thaighdeoirí SFI reatha cistí forlontacha a fháil chun tabhairt faoi thionscadail comhoibrithe leis an tionscal. Ba chóir go mbeadh baint dhíreach ag na tionscadail seo leis na cláir SFI a bhfuil athbhreithniú déanta ag piaraí orthu, agus ba chóir go gcuirfí na cláir sin chun cinn. Tá taighdeoirí atá maoinithe ag an SFI anois i mbun oibre le cuideachtaí mar Siemens; Areogen; SUN Microsystems; Dow Corning; Agilent Technologies; agus IBM Dublin Software Lab.

CLÁR TEORAINNEACHA TAIGHDE (RFP)


I 2003, ghlac an SFI freagracht iomlán as an gclár Deontais Taighde Bunúsach (BRG) a bhí á riaradh ag Enterprise Ireland roimhe sin. Thug an t-athrú sin deis an clár BRG a imscrúdú go sonrach, agus é mar chuspóir bonn tacaíochta leathan a fheabhsú agus a bhunú d'eolaíocht agus d'innealtóireacht sa SFI. Bunaíodh an Stiúrthóireacht Teorainneacha Eolaíochta agus Innealtóireachta (FES) mar fhreagra ar raon disciplíní eolaíochta agus innealtóireachta, chomh maith leis na réimsí atá dírithe go straitéiseach a fhaigheann tacaíocht ó Stiúrthóireachtaí BioT agus ICT.

I 2004, bhí an SFI tiomanta leathnú suntasach a dhéanamh ar infheistíocht sa chlár Deontais Taighde Bunúsach. Athainmníodh an clár An Clár Teorainneacha Taighde agus méadaíodh an maoiniú de 19% go dtí €19 milliún thar trí bliana. Thug an clár isteach 632 beartas thar raon disciplíní. I ndiaidh athbhreithniú ar na beartais sin, bhronn an SFI 121 gradam. Mar sin ba ionann an ráta ag ar éirigh leis na beartais agus 19.2%. As na gradaim sin, bhí 14 acu á maoiniú agus á riaradh ag Comhairle Taighde na hÉireann san Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IRCSET) ag leibhéal €2.7 milliún thar trí bliana. 107 beartas taighde arna mhaoiniú ag an SFI ó eolaithe acadúla agus innealtóirí sna réimsí a bhaineann le Domhaneolaíocht, Innealtóireacht, Matamaitic, Eolaíochtaí Fisiceacha, na hEolaíochtaí Bitheacha agus Eolaíocht Ríomhaire.

Briseadh Síos Earnálach d'Infheistíocht SFI RFP



Líon na nDámhachtainí de réir Disciplín (107)



Maoiniú Iomlán de réir Disciplín €19.03M



An Dr William Harris, Príomh-Stiúrthóir, SFI; An Dr Mary Kelly, Oifigeach Cláir, SFI; An Dr Fergal O'Brien, Roinn na hAnatamaíochta, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, An Dr Mario A. Fares, Roinn na Bitheolaíochta, NUI Má Nuad; Uachtarán na hÉireann, Ms Mary McAleese; An Dr Emmeline Hill, Roinn na hEolaíochta Ainmhithe, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; agus an tUasal Mattie McCabe, Stiúrthóir, SFI.

TAIGHDEOIRÍ ÓGA A SPREAGADH – GRADAIM TAIGHDEOIR ÓG UACHTARÁN NA HÉIREANN

I nDeireadh Fómhair 2004, bronnadh Gradaim Taighdeoir Óg Uachtarán na hÉireann an SFI don chéad uair riamh (PIYRA) ag cur i láthair arna óstáil ag Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa. Faigheann buaiteoirí PIYRA maoiniú suas go dtí €1.2 milliún thar tréimhse cúig bliana. Is iad seo a leanas buaiteoirí Ghradam 2004:

- An Dr. Mario A. Fares, An Roinn Bitheolaíochta, NUI Maigh Nuad
'Optimisation of protein function and potential drug targets through computational and biomedical analysis'
- An Dr. Emmeline Hill, An Roinn Eolaíocht Ainmhithe, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
'Genomics of performance in the equine athlete'
- An Dr. Jens Erik Neilsen, An Roinn Bithcheimice, Institiúid Conway, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath
'A multidisciplinary informatics-based approach to understanding enzyme catalysis'

- An Dr. Fergal O'Brien, Coláiste Ríoga Máinliachta na hÉireann

'Tissue engineering for the development of bone graft substitutes'

CRUINIÚ MULLAIGH EOLAÍOCHTA AN SFI

Bhí an Taoiseach, an tUasal Bertie Ahern, T.D. agus an Tánaiste, Ms Mary Harney, T.D. i mbun chéad Cruinniú Mullaigh Eolaíochta an SFI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2004. Thug an cruinniú os cionn 250 ceannaire i dtimpeallacht na heolaíochta, an ghnó agus an rialtais le chéile faoin téama 'Ag cur Athrú ar an Eacnamaíocht trí Eolaíocht agus Nuálaíocht'.

I measc na dtopaicí a chlúdaigh cainteoirí bhí comhpháirtíochtaí eolaíochta/tionscail, ag cur síos ar Éirinn mar áit den scoth ó thaobh taighde, an cumas eacnamúil ó thaobh infheistíochtaí SFI agus caighdeán taighde. I measc na gcainteoirí bhí triúr de na taighdeoirí is iomráit in Éirinn, An tOllamh Tim O'Brien, Stiúrthóir REMEDI ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; An tOllamh John Pethica FRS, Stiúrthóir CRANN ag Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath; An tOllamh Dolores Cahill, Stiúrthóir an CHP ag Coláiste Ríoga Máinliachta na hÉireann chomh maith leis an Dr. Reg Shaw, Stiúrthóir Bainistíochta an Wyeth BioPharma Campus ag Grange Castle, Co. Bhaile Átha Cliath, an tUasal Lou Manzione, Bell Labs agus an tUasal Jim O'Hara, Bainisteoir Ginearálta Intel Ireland.



Tógadh an grianghraf seo ag Cruinniú Mullaigh SFI a bhí ar siúl an 1 Meán Fómhair 2004, (Ó Chlé - Deas) An tOllamh Pat Fottrell, Cathaoirleach, SFI; An Taoiseach, an tUasal Bertie Ahern, T.D., An Tánaiste, Ms Mary Harney, T.D. agus An Dr William C. Harris, Príomh-Stiúrthóir, SFI.



MÚINTEOIRÍ DARA LEIBHÉAL INA DTAIGHDEOIRÍ CÚNTA (STARS)

Ba é 2004 an chéad bhliain a raibh feidhm leis an tionscnamh Múinteoirí Dara Leibhéal ina dTaighdeoirí Cúnta (STARS). Soláthraíonn clár STARS tacaíocht do mhúinteoirí chun dul i mbun taighde i dteannta taighdeoir a bhíonn maoinithe ag an SFI nó le foireann taighde le linn tréimhsí saoirí suas go dtí ocht seachtaine le linn saoire an tsamhraidh. Is é an aidhm atá leis an gclár cuidiú le múinteoirí a gcuid spéise san eolaíocht a athnuachan mar thaighdeoirí, iad a nascadh le dámh na heolaíochta in ollscoileanna agus in institiúidí teicneolaíochta, agus cur le teagasc na heolaíochta ar fud an chórais oideachais. Ghlac fiche is a naoi múinteoir páirt i gclár STARS i 2004.

TAITHÍ TAIGHDE FOCHEÍME AGUS GRADAM EOLAIS (UREKA)

Thug an SFI isteach an clár UREKA i 2004 chun tacú le rannpháirtíocht taighde ghníomhach ó mhic léinn fochéime in aon cheann de na réimsí taighde arna maoiniú ag an SFI. Féachann an clár le rannpháirtíocht mac léinn a leathnú i ngach cineál taighde - cibé disciplíneach nó idirdhisciplíneach - agus iarrachtaí ó imscrúdaitheoirí, grúpaí, ionaid agus eile mar chuid de. Breithnítear taithí taighde gníomhach mar cheann de na bealaí is éifeachtaí chun fochéimithe cumasacha a mhealladh agus iad a choinneáil i slite bheatha a bhaineann le heolaíocht agus le hinnealtóireacht. Ghlac 47 fochéimí páirt sa chlár i samhradh na bliana 2004.

TAIGHDEOIRÍ A MHEALLADH GO HÉIREANN

Féachann an SFI le raon leathan taighdeoirí a mhealladh ó ar fud an domhain go hÉireann (chomh maith le go leor mac léinn idirnáisiúnta agus taighdeoirí iardhochtúireachta a mhealladh). Cuireann Gradaim Walton Visitor ar chumas taighdeoirí acadúla agus tionsclaíochta atá ard-oillte, atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn, cuairt a thabhairt ar institiúidí tríú-leibhéal chun dul i mbun tionscadal taighde agus chun comhoibriú le taighdeoirí as Éirinn. Thug seachtar Taighdeoirí ETS Walton cuairt ar Éirinn. Bhí fiche is a naoi taighdeoirí rannpháirteach sa chlár, ó tugadh isteach an gradam i 2002, agus is Imscrúdaitheoirí atá maoinithe go hiomlán ag an SFI iad tríur acu atá lonnaithe in institiúidí acadúla in Éirinn.

FÓGRAÍ REACHTÚLA AGUS FÓGRAÍ EILE

1. Comhaltaí Boird - Clárú Leasa

Feidhmíonn an Bord go dtí na prionsabail rialachais chorparáidigh is fearr agus de réir na dtreoirilínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialú Chomhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ó thaobh a chuid gníomhaíochtaí agus an úsáid a bhaineann an Bord as coistí. Cláraíonn comhaltaí Boird SFI a gcuid leasa de réir na dtreoirilínte sin i ngealltanais eile leis an Rúnaí.

2. Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Ní raibh forordú foirmiúil ag an SFI faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 le linn 2004.

4. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann an SFI faoi shainchúram an Achta um Íoc Cuntas Pras, 1997, a raibh éifeacht leis ar an 2 Eanáir 1998, agus le Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, a raibh éifeacht leo ar an 7 Lúnasa, 2002.

Tugtar tuairisc thíos ar chleachtais íocaíochta an SFI, arna éileamh ag an Acht, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2004. Is é polasaí an SFI a chinntiú go n-íoctar go pras gach sonrasc. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm chun cur ar chumas an SFI gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíocht roimh an dáta dlite. Cláraítear sonrasc go laethúil agus eisítear seiceanna arna n-éileamh chun íocaíochtaí caoithiúla a chinntiú.



3. An tAcht um Saoráil Faisnéise, 1997 agus An tAcht um Saoráil Faisnéise (Leasú), 2003

Níl an SFI forordaithe faoin Acht um Saoráil Faisnéise, 1997 agus an tAcht um Saoráil Faisnéise (Leasú), 2003. Soláthraíonn an SFI eolas mar sin féin nuair a iarrtar sin air, ag teacht le forálacha na hAchtanna sin.

Bhí ceithre íocaíocht déanach a chuaigh thar €7.17 le linn 2004 agus a chuaigh thar na dátaí íocaíochta dlite de 25 lá ar an iomlán. Ba ionann luach na híocaíochtaí sin agus €2,258.23

5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tugann an SFI tacaíocht iomlán don phrionsabal deiseanna comhionannais i bhfostaíocht. Cuireann sé in aghaidh gach cineál idirdhealú ar fhorais dath, ciníochais, náisiúnacht, claonadh gnéis, bunús eitneach ná náisiúnta (agus/nó limistéir bunúis), reiligiún, inscne, stádas pósta, aois ná míchumas. Léirítear tiomantas an SFI ó thaobh deiseanna comhionannais a chur i bhfeidhm ina chuid polasaithe, cleachtais agus nósanna imeachta, m.sh earcaíocht, ardú céime, oiliúint, teanga nach bhfuil idirdhealaitheach a úsáid i ndoiciméid agus i bhfoilseacháin de chuid na cuideachta. Is é an cuspóir



An tUasal Mícheál Martin T.D., An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le baill Bhord SFI.

a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaítear leo ar bhunús a gcumas, eolais agus a gcuid cáilíochtaí agus sin amháin.

6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989

Cuireann an SFI i gcomhchomhairle le Forfás beartais chuí i bhfeidhm, de réir an Achta thuas, chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir laistigh dá chuid oifigí a chosaint.

7. Cairt Cliaint

Tá Cairt Cliant foilsithe ag an SFI ag leagan amach a thiomantas maidir le seirbhís d'ardchaighdeán. Áirítear leis an gCairt sin nós imeachta chun déileáil le gearáin. Ní bhfuarthas aon ghearáin faoin gCairt i 2004.


Foilseacháin 2004

1. Points of Excellence
2. Vision 2004-2008 People, Ideas and Partnerships for a Globally Competitive Irish Research System.



STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL 2004

(I 2004 bhí ceadú ag SFI do 44 post)



* Post comhairlithe ar bhonn sealadach
 ** D'éirigh Alastair Glass as mar Stiúrthóir ICT agus tháinig Mark Keane ina áit ar 1/9/2004.
 *** Ceaptha 1/2/2004
 **** Ceaptha 1/9/2004.



FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA ÉIREANN

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 10 iniúchta agam faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003.

Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasáíochta an Bhoird leagtha amach ar leathanach 1. Tá sé d'fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 2 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon Fondúireacht Eolaíochta Éireann treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúchóireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtas Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaoid nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag 31 Nollaig 2004 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas agus ar a sreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch sin.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
18 Lúnasa 2005



RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ BHAILL AN BHOIRD

Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2004

Éilíonn Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 go gcoimeádann Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh agus chaithfidh sí, agus go háirithe, coimeádfaidh an Fhondúireacht, i bhfoirm a dúradh, na cuntais speisialta go léir a ordóidh an tAire ó am go ham. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann de bheith i ngnó;
- aon neamhchomhlíonadh sna Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chúil a choimeád a nochtann le beachtas réasúnach ag tráth ar bith, a suíomh ó thaobh airgid agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le riachtanais uile Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá na leabhair chuntais le fáil ag ceanncheathrú na Fondúireachta ag Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnacha chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

On behalf of the Board:

Patrick Fottrell
Cathaoirleach

William C. Harris
Príomh-Stiúrthóir



RÁITEAS AR RIALÚCHÁN INMHEÁNACH AIRGEADAIS Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2004

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann aithním an fhreagracht atá orainn le cinntiú go gcothaítear agus go gcuirtear córas éifeachtach rialúcháin inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm.

Ní féidir leis an gcóras urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

Tá na bearta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialúcháin chúil ann:

- * Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- * Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- * Cultúr freagrachta a fhorbairt thar leibhéal uile na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí na nithe seo a leanas:

- * Ag obair go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla le cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar aon le tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- * Go mbeadh measúnú riosca agus próisis bhainistíochta riosca á gcur i bhfeidhm ag an mbainistíocht shinsearach don Choiste Iniúchta.

Tá an córas rialúcháin inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistíocht faisnéise rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmiligin agus freagrachta. Tá na nithe seo a leanas san áireamh go háirithe:

- * Córas cuimsitheach buiséadaithe ina bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus a n-aontaíonn sé leis;
- * Go ndéanann an Bord athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais thréimhsiúla agus bhliantúla a thugann léargas ar fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí;
- * Spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- * Disciplíní bainistíochta tionscadail fhoirmiúla.

Bhí feidhm inmheánach iniúchta ar conradh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain 2004, a bhí ag feidhmiú de réir Creatlaí an Chóid Dea-Chleachtais a bhí leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a thuiriscíonn go díreach don Choiste Iniúchta. Anailís ar an riosca atá os comhair an chomhlachta atá mar bhonn le hobair an iniúchta inmheánaigh, agus in 2004 bhí an plean iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta an anailís riosca agus na pleananna inmheánacha iniúchta. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile gach ráithe agus déanann sé athbhreithniú ar thoradh na sain-iniúchtaí inmheánacha agus tugann sé dearbhú maidir le hoiriúnacht agus éifeachtúlacht leanúnach an chórais rialúcháin inmheánaigh airgeadais.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh airgeadais do 2004. Is éard atá mar bhonn le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh airgeadais, obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Choiste Iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus an smacht a bhíonn ag bainisteoirí feidhmíocháin laistigh den SFI, a bhfuil an fhreagracht orthu maidir le forbairt agus cothabháil na creatlaí rialúcháin airgeadais.

Sínte thar ceann an Bhoird

Patrick Fottrell
Cathaoirleach



BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2004

(1) Bunús na Cuntasaíochta

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhrúithe, seachas san áit a luaitear thíos agus tá siad ar aon dul leis an gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leis de ghnáth. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, mar a thagann siad chun feidhme.

(2) Aithint ioncaim

Léiríonn ioncam ón Deontas Oireachtais fáltais airgid iarbhíreacha sa bhliain.

(3) Sócmhainní Seasta

Is éard atá i gceist le Sócmhainní Seasta, sócmhainní seasta inláimhsithe faoi úinéireacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus san áireamh freisin tá sócmhainní faighte roimh bhunú SFI mar ghníomhaireacht neamhspleách Fhorfás an 25 Iúil 2005. Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costais na sócmhainní reatha a dhíscríobh thar thréimhse mheasta a saoil úsáideacha (féach Nóta 5).

(4) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a fháil agus díscríobhtar é ar aon dul le dímheas agus beartais athluachála na sócmhainní seo.

(5) Airgeadraí Coigríche

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá in airgeadraí coigríche ag na rátaí malairte a bhíonn ann ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte a bhíonn ann ag dátaí na n-idirbheart fhóiluitigh.

(6) Aoisliúntas

Faoi Alt 2 agus Alt 3 den Dara Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, tá Forfás freagrach as teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe uile. Ullmhaíonn agus riarann Forfás scéimeanna pinsin chun teidlíochtaí pinsin a dheonú dá fhostaithe, foireann atá ar iasacht chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann san áireamh freisin.

(7) Léasanna Oibriúcháin

Déantar cuntas ar na cíosanna atá san áireamh sna léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite.

(8) Iocaíocht Deontais Taighde

Amounts paid to Research Bodies on foot of research grants are charged to the I&E account in the year of issue.

(9) Comparáid le Cuntais 2003

Is don chúig mhí ón 25 Iúil 2003 go dtí an 31 Nollaig 2003 iad na figiúirí comparáideacha do 2003 atá le fáil i bpríomhchuid na gCuntas.



CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €'000	2003 €'000
Ioncam			
Deontas Oireachtais	1	113,730	49,159
Eile	2	51	15
		113,781	49,174
Caiteachas			
Riarachán agus Speansais Ghinearálta	3	4,961	1,840
Dímheas	5	104	49
Deontais	4	108,556	47,386
		113,621	49,275
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		160	(101)
Iarmhéid ag tús na Bliana		(17)	187
Aistriú go Cuntas Caipitil	6	(145)	(103)
Easnamh Carntha ag deireadh na Bliana		(2)	(17)

Níl aon ghnóthachain nó cailteanais aitheanta, seachas na cinn a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 13.

Thar ceann an Bhoird:

Patrick Fottrell
Cathaoirleach

William C. Harris
Príomh-Stiúrthóir



CLÁR COMHARDAITHE

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €'000	2003 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	388	243
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		82	-
Cuntais Infhála	7	19	15
		101	15
Cuntais Iníoctha	8	103	32
Glan-Sócmhainní Reatha		(2)	(17)
Glan-Sócmhainní		386	226
Arna léiriú trí:			
Cuntas Caipitil	6	388	243
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(2)	(17)
		386	226

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 13.

Thar ceann an Bhoird:

Patrick Fottrell
Cathaoirleach

William C. Harris
Príomh-Stiúrthóir



RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

Don bhliain dar críoch an 31 December 2004

	Nótaí	2004 €'000	2003 €'000
Réiteach an Bharrachais/(Easnamh)			
ar Ghlan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí don bhliain			
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		160	(101)
Ús Bainc		(51)	(15)
(Brabús)/Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní		-	2
Muirear Dímhheasa:			
- Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	104	49
(Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhála	7	(4)	172
Méadú/(Laghdú) i gCuntais Iníochta	8	71	32
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		280	139
Glan-Sreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		280	139
Aischiú ar Infheistíocht agus Fónamh ar Airgeadas			
Ús Bainc		51	15
Sreabhadh Airgid roimh Caiteachas Caipitil		331	154
Maoiniú Caipitil			
Díolachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		-	-
Ceannachán Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	5	(249)	(154)
Sreabhadh Airgid i ndiaidh Caiteachais Chaipitil		82	-
Ranníocaíocht don Státhchiste		-	-
Méadú ar Airgead Tirim		82	-
Réiteach idir an Méadú in Airgead Tirim agus Airgead sa Bhanc			
Glaiseacht in Airgead Tirim sa Bhliain		82	-
Airgead sa Bhanc an 01 Eanáir 2004		-	-
Airgead sa Bhanc an 31 Nollaig 2004		82	-



NÓTAÍ DO NA CUNTAIS

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004

(1) Deontas Oireachtais

	2004	2003
	€'000	€'000
Riarachán agus Speansais Ghinearálta	5,160	1,893
Deontais Taighde	108,570	47,266
	113,730	49,159

Faoi Alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003, cuireann comhiomlán na ndeontas a thug an tAire d'Fhorfás agus a Ghníomhaireachtaí, ar a chumas a oibleagáidí a dhíscaoileadh agus ní bheidh na dliteanais níos mó ná €3,400,000,000. An 31 Nollaig, 2004, ba é an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil €2,209,243,030.

(2) Ioncam Eile

	2004	2003
	€'000	€'000
Ús Bainc	51	15
Iomlán	51	15

(3) Riarachán agus Speansais Ghinearálta

	2004	2003
	€'000	€'000
(3a) Luach Saothair agus Speansais Bhaill an Bhoird	180	78
Costais Íocaíochta	1,328	400
Costais Phearsanra Eile	110	26
Speansais Taistil	232	81
Sainseirbhísí agus Seirbhísí Gairmiúla	1,135	358
Sainchomhairleoireacht agus Staidéir	1,000	418
Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil	380	170
Costais Oibriúcháin Eile	585	299
Táille Iniúchta	11	10
Iomlán	4,961	1,840
I measc na gCostas Íocaíochta tá:		
Pánna agus Tuarastail	1,246	370
Costais Leasa Shóisialaigh	79	29
Costais Aoisliúntais	3	1
Iomlán	1,328	400



NÓTAÍ DO NA CUNTAIS *(ar lean)*

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004

(3b) Corparáid bunaithe sna Stáit Aontaithe, ag a bhfuil conradh sainchomhairleoireachta 5 bliana, a chuireann seirbhísí Príomh-Stiúirthóra (DG) SFI ar fáil. Déanann an conradh foráil d'íocaíocht a sheirbhísí mar aon le bónas a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá an íocaíocht curtha le héile le táille bhunúsach, ranníocaíochtaí pinsin agus costais athlonnaithe a chur san áireamh. Tá an bónas a d'fhéadfadh a bheith ann cothrom leis an méid atá ceadaithe ag an gComhlacht Athbheithnithe ar Ard-Luach Saothair san Earnáil Phoiblí do Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin i nGníomhaireachtaí Forbartha Tionscail an Stáit.

Gearrtar costas an phacáiste luach saothair chuig sainchomhairleoireacht sna ráitis airgeadais agus bhí sé cothrom le €460,928 móide CBL, rud a thugann iomlán de €557,724.

(4) Deontais

	2004	2003
	€'000	€'000
Deontais Bhiteicneolaíochta	35,857	13,342
Deontais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide	49,048	19,628
Ildeontais	4,395	14,416
Deontais do Thaighde Bunúsach	7,882	-
Forchostas Bliantúil & Íocaíochtaí Deontais an Phlean Infheistíochta	11,374	-
Iomlán	108,556	47,386

Tá deontais iníoctha le hinstiúidí tríú leibhéal Éireannacha le tionscadail bhunúsacha taighde ar ardchaighdeán domhanda a dhéanamh.

Ag an 31 Nollaig 2004, bhí €246m ag SFI i dtiomantais deontais don todhchaí.

NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (ar lean)
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004

(5) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta €'000	Mótarfheithiclí €'000	Daingneáin & Feistis €'000	Forbairt Córais €'000	lomlán €'000
COSTAS					
Ag an 1 Eanáir 2004	145	50	130	90	415
Breiseanna	63	-	15	171	249
Ag an 31 Nollaig 2004	208	50	145	261	664
DÍMHEAS					
Ag an 1 Eanáir 2004	77	37	58	-	172
Muirear don Bhliain	63	13	28	-	104
Ag an 31 Nollaig 2004	140	50	86	-	276
GLANMHÉID DE RÉIR NA LEABHAR					
Ag an 1 Eanáir 2004	68	13	72	90	243
Glan-Ghluaiseacht don Bhliain	-	(13)	(13)	171	145
Ag an 31 Nollaig 2004	68	-	59	261	388

Díscriobhtar costas na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe trí thráthchodanna cothroma thar thréimhse a saoil úsáideacha mar seo a leanas:

- (i) Trealamh Ríomhaireachta 3 bliana
- (ii) Mótarfheithiclí 4 bliana
- (iii) Daingneáin & Feistis 5 bliana

Déantar sócmhainní atá á dtógáil faoi láthair a dhímheas nuair a dhéantar iad a choimisiúnú.

(6) Cuntas Caipitil

	2004 €'000	2003 €'000
Ag an 1 Eanáir 2004	243	140
Aistriú ón gCuntas Ioncaim & Caiteachais		
- Breiseanna Costais	249	154
- Diúscairtí Costais	-	(3)
- Breiseanna Dímheasa	(104)	(49)
- Diúscairtí Dímheasa	-	1
Glan-Ghluaiseacht	145	103
Ag an 31 Nollaig 2004	388	243



NÓTAÍ DO NA CUNTAIS (*ar lean*)
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004

(7) Cuntais Infhála

	2004	31 Nollaig 2003	25 Iúil 2003
	€'000	€'000	€'000
Féichiúnaithe Ginearálta agus Réamhíocaíochtaí	19	3	-
larmhéid Idirghníomhaireachta	-	12	187
lomlán	19	15	187

(8) Cuntais Infhála

	2004	2003
	€'000	€'000
Creidiúnaithe Ginearálta agus Fabhruithe	92	32
larmhéid Idirghníomhaireachta	11	-
lomlán	103	32

Baineann iarmhéid idirghníomhaireachta leis an iarmhéid atá dlite ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann d'Fhorfás an 31 Nollaig 2004, agus is éard atá ann an difríocht idir an méid airgid a d'íoc Forfás d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an t-airgead iarbhír a chaith Forfás thar ceann Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

(9) Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin

Faoi láthair níl tiomantais ar bith ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi léasanna oibriúcháin ar an bhfoirgneamh, ach íocann sí cíos d'Fhorfás mar ranníocaíocht do na costais léasa atá tabhaithe ag Forfás.



NÓTAÍ DO NA CUNTAIS *(ar lean)* **Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004**

(10) Cánachas

Ciallaíonn Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, go bhfuil SFI díolúine ó chánachas ar bith eile ar ioncam cíosa Cás IV agus Cás V sa bhreis air an méid a asbhaintear ag an bhfoinse.

(11) Baill an Bhoird - Nochtadh Idirbheart

I ngnáthchúrsa gnó, féadfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann socruithe conarthacha a dhéanamh le gealltanais ina bhfuil Baill Boird d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann fostaithe nó go bhfuil leas éigean eile acu ann. Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis glacadh le nósanna imeachta atá de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le Baill Boird ag nochtadh leasanna agus chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an nósanna imeachta seo i gcaitheamh na bliana.

Le linn 2004, níor tháinig aon ghnó os comhair an Bhoird maidir le híocaíocht chuig eagraíocht a raibh leas léirithe ag Ball Boird ann, i dtaobh seirbhísí a chuir an eagraíocht sin ar fáil don Ghníomhaireacht

(12) Teagmhais agus Gníomhaíochtaí Dlíthiúla

Níl teagmhais nó gníomhaíochtaí dlíthiúla ar bith a bhfuil foráil ar leith ag teastáil uathu sna Ráitis Airgeadais.

(13) Na Ráitis Airgeadais a Cheadú

Cheadaigh Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na Ráitis Airgeadais an 21 Feabhra 2005.





Foghlaim a thuilleadh faoi SFI agus ár gclár ag www.sfi.ie

Fondúireacht Eolaíochta Éireann
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Éire
Guthán: 353 1 607 3200
Facs: 353 1 607 3201
R-phost: info@sfi.ie

Tógtha don Eolaíocht